



**COMHAIRLE CONTAE DHÚN LAOGHAIRE - RÁTH AN DÚIN**

**DÚN LAOGHAIRE-RATHDOWN COUNTY COUNCIL**

***COMHAIRLE CONTAE DHÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN  
DÚIN  
FODHLÍTHE MAIDIR LE RIALÚ LOCTHA (LEASÚ), 2011***

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a dhílsítear di le hAilt 4 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1994, le hAilt 36 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1994 agus le hAilt 101 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961 agus tar éis di a bheith i gcomhairle le Coimisinéir An Garda Síochána, déanann Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (dá ngairtear “an Chomhairle” anseo ina dhiaidh seo), leis seo, na Fodhlíthe seo a leanas.

## CUID I

### Réamhráiteach

- Lua:** 1. Féadfar Fodhlíthe um Rialú Loctha (Leasú) Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2011, a ghairm de na Fodhlíthe seo.
- Tosach Feidhme:** 2. Tiocfaidh na Fodhlíthe seo i ngníomh an 1<sup>ú</sup> Eanáir 2011.
- Limistéar Feidhme:** 3. Beidh feidhm ag na Fodhlíthe seo maidir leis an limistéar arb é atá ann limistéar riacháin **Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin**.
4. Féadfar Fodhlíthe um Rialú Loctha Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, 2007 go 2011 a ghairm de na Fodhlíthe um Rialú Loctha Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, 2007 agus na Fodhlíthe seo le chéile.
5. Leasaítear Fodhlíthe um Rialú Loctha Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2007, do dhéanamh socrú i dtaobh na nithe seo a leanas: -

#### I Mír 4 - Léirmhíniú

Folófar leis an míniú “áit íoclochta” an marc bóthair RRM 016;

**In Agusín 11 - Cead Loctha Cónaithe**

Cead Loctha Cuairteora – cuirfear €2.00 an ceann  
in aghaidh an cheada in ionad €1.50 an ceann;

**In Agusín IV – Treoirlínte maidir le Forfheidhmiú  
na Scéimeanna um Rialú Loctha Íoc agus  
Taispeáin – Mír 2;**

tríd an méid seo a chur isteach i mír 2, "Ní thagann áiteanna cónaithe, istigh i bhforbairtí bainistithe, faoi réim an mhínithe ar áitreabh arna shainmhíniú i Mír 4 de na Fodhlíthe um Rialú Loctha, 2007.

I láthair nuair a greamaíodh Séala Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin de seo:

---

Cathaoirleach Chomhairle Contae  
Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

---

Oifigeach Ceadaithe

---

Oifigeach na Comhairle Contae

**Halla an Chontae, Dún Laoghaire**